# CEARTÚCHÁN

## Ceartúchán ar an bhfógra comórtais oscailte EPSO/AD/252/13 (AD 9) agus EPSO/AD/253/13 (AD 12) — Cinn Aonaid a bhfuil saoránacht na Cróite acu (HR)

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 118 A an 25 Aibreán 2013)*

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C A Eagrán Speisialta Gaeilge)*

(2014/C 48 A/01)

Leathanach 7, Roinn VI, IONAD MEASÚNAITHE AGUS TRIALACHA

*in ionad:*

"…….

Ar chúiseanna eagrúcháin, is sa Bhruiséil a bheidh na trialacha san ionad measúnaithe agus an triail labhartha, ar laethanta leantacha más féidir é.

| | |
|---|---|
| 1. **An tIonad measúnaithe** | ………….<br>Beidh an méid seo a leanas sna trialacha sin:<br>— ceacht scríofa ina n-iarrfar ort roinnt doiciméid a phlé;<br>— cleachtadh chun do chumas bainistíochta a mheas;<br>— agallamh le saineolaí acmhainní daonna chun do phróifíl scileanna a mheas.<br>………………. |
| 2. **Triail labhartha** | An lá tar éis do choinne san ionad measúnaithe, iarrfar ort agallamh a bheith agat leis an mbord roghnúcháin (i do dhara teanga) ionas go bhféadfaidh an bord sin an méid seo a leanas a mheas:<br>……….", |

*léitear:*

"…………

Ar chúiseanna eagrúcháin, is sa Bhruiséil a bheidh na trialacha san ionad measúnaithe agus an triail labhartha, ar dhá lá nach mbeidh i ndiaidh a chéile, is dóigh.

| | |
|---|---|
| 1. **An tIonad Measúnaithe** | …………….<br>Beidh an méid seo a leanas sna trialacha sin:<br>— cas-staidéar (cur i láthair agus ceisteanna agus freagraí),<br>— gníomhaíocht chun do chumas bainistíochta a mheas,<br>— agallamh le saineolaí acmhainní daonna chun do chuid inniúlachtaí a mheas,<br>— ceistneoir pearsantachta,<br>— trialacha réasúnaíochta.<br>……………… |
| 2. **Triail labhartha** | Iarrfar ort ansin agallamh a bheith agat leis an mbord roghnúcháin (i do dhara teanga) ionas go bhféadfaidh an bord an méid seo a leanas a mheas:<br>……………". |